

Mír 1

Cén fáth a ndéanfaí promhadh ó thaobh Inscne?



BILEOG EOLAIS 1

Ag fáil tuiscint ar an teanga a ghabhann leis ... na sainmhínithe.

Gnéas

na difríochtaí bitheolaíochta atá idir mná agus fir.

Inseann

na difríochtaí sóisialta atá idir mná agus fir a foghlaimíodh, agus a athraíonn thar am agus a bhfuil difríochtaí móra iontu i gcultúr agus idir cultúir (mar shampla, is iad na mná a thugann an leanbh ar an saol (socraithe ag an nádúr) is cúrsaí Inscne a shocróidh cé a thógfaidh na gasúir.

Cothromaíocht Inscne

is ionann é agus cothrom na féinne d'fhir agus do mhná.. go gcaitear mar an gcéanna le fir agus mná ó thaobh iompair, mianta agus fabhair.

Cúrsaí Inscne i lár an aonaigh

go gcuirfear cúrsaí Inscne san áireamh i ngach polasaí, cleachtas agus cinneadh a dhéanfar , le gur féidir anailís a dhéanamh ar a dtionchar ar mhná agus ar fhir

Promhadh ó thaobh Inscne

na modhanna trína gcinnteofar go mbeidh tionchar cothrom nó cóir ag chuile pholasaí agus cleachtas ar fhir agus ar mhná.

Ráiteas Tionchair Inscne

Uirlis a úsáidtear sa bPromhadh Inscne. Déantar meastóireacht leis ar pholasaithe agus ar chleachtas chun a fháil amach an mbeidh tionchar difriúil acu ar fhir agus ar mhná. Bheifí ag súil leis na polasaithe/cleachtas seo a chur in oiriúint ar bhealach a chuirfidh deireadh le haon tionchar leatromach.

BILEOG EOLAIS 2

Cén fáth go bhfuil promhadh ó thaobh Inscne ag teastáil?

Is mná 50.35% den daonra iomlán agus is fir 49.65%

Statisticí Náisiúnta

Cúrsaí Eacnamaíochta

- Is fir 97% de na bainisteoirí contae/cathrach sna húdaráis áitiúla. Is mná 3% acu
- Is fir 94% díobh siúd a bhfuil Grád Rúnaí acu sa Státseirbhís, is mná 6% acu
- Is fir 89% díobh siúd a bhfuil an grád Rúnaí Cúnta acu sa Státseirbhís agus is mná 11% Is mná 78% díobh siúd atá ina noibrithe cléireachais agus is fir 22%
- Is fir 96% de na Príomhfheidhmeannaigh (an 100 comhlacht is mó) in Éirinn agus is mná 4%
- Saothraíonn mná 73% de mheán phá tionsclaíochta na bhfear
- Is mná 70% de na hoibrithe páirtaimseartha agus fir 30%

Cúrsaí Polaitíochta

- Is fir 85% de na Comhairleoirí agus mná 15%
- Is fir 86% de na TD agus mná 14%
- Is fir 79% de bhaill an tSeanaid agus mná 21%

Cúrsaí Sóisialta

- Is mná 84% de na tuismitheoirí aonair agus fir 14%
- Is mná 79% díobh siúd a fhaigheann liúntas feighlí agus fir 21%
- Is ionann costaisí cúraim leanaí a íocann tuismitheoirí Éireannacha agus 20% dá n-ioncam tar éis cáin i gcomparáid le 8% sa gcuid eile den Aontas Eoraphada.

“A Sheáin, tá tusa ag dul go Singapore, Colm go Tokyo agus Máine glan an tsileáil”



“The objective is not to replace male dominance with female dominance, but to establish a real partnership between women and men”

Mary Wallace

² Goodbody, 1998. Quoted in ADM “Gender Mainstreaming The Local Development Social Inclusion Programme 2000 - 2006,” November 2000

Réigiúin na Teorann, Lártíre agus an Iarthair²

- Tá fostaíocht pháirtaimseartha ag 29% de na mná atá fostaithe i gcomparáid le 8% de na fir.
- Is mná 80% díobh siúd atá ina n-oibrithe cléireachais
- Cuireann 2.5% de na heagraíochtaí áiseanna cúraim leanaí ar fáil san áit oibre. Is le mná 9.6% de na gábháltais talaimh (is baintríeacha níos mó ná leath acu)
- Is fir 91% de na TD agus is mná 9% acu
- Is fir 85 de na baill sa tSeanad, agus is mná 15% acu
- Is fir 93% de na bainisteoirí contae/cathrach sna húdaráis áitiúla - is mná 9% díobh (duine as chuile 14)

SLÁINTE	
MNÁ	FIR
1) <i>de bharr</i>	1) <i>THEY</i>
2) <i>de bharr</i>	2) <i>TEND TO</i>
3) <i>de bharr</i>	3) <i>ONE</i>
4) <i>de bharr</i>	
5) <i>de bharr</i>	
6) <i>de bharr</i>	
7) <i>de bharr</i>	
8) <i>de bharr</i>	
9) <i>de bharr</i>	



An Taighde is déanaí

Cé go léiríonn na figiúirí seo nach bhfuil ionadaíocht chothrom ag na mná i réimsí tábhachtacha caithfear a thuiscint nach ceist í an promhadh ó thaobh Inscne de, do mhná amháin. Léiríodh sa tuarascáil "**Mens attitudes and Values**", a ullmhaíodh mar thoradh ar thaighde sa tuaisceart go raibh tionchar ag an gceist seo ar fhir ar bhealaí éagsúla

- Is ar mhná atá cuid mhaith de na seirbhísí tacaíochta ag díriú a n-aird agus níl aon tacaíocht ar fáil do na fir.
- Mheas 60% díobh siúd a ceistíodh go raibh sé níos éasca ag an mbean tabhairt faoi ról an fhir ná mar a bheadh an fear in ann tabhairt faoi ról na mná.
- Caithfear níos mó béime a chur ar shláinte na bhfear.
- Easpa saoire aithreachais. Mheas 80% díobh siúd a d'fhreagair an suirbhé go mba chóir go mbeadh saoire aithreachais éigin le pá ag fir.
- Tá ról na bhfear sa tsochaí á athdheimhniú faoi láthair de bharr na héilimh dhifriúla a dhéantar orthu sa mbaile agus ag an obair. Ba mhaith le fir dá mbeadh ról níos gníomhaí acu mar thuismitheoirí ach dar le formhór na bhfreagróirí ar an suirbhé seo dearcann an tsochaí orthu mar an príomhshaothróir.

3. Statistics for the BMW Region are included as they were used as part of the Training Initiative (run with BMW County Development Boards) which resulted in the production of this Handbook.

Information Sources:

- Dept. Of Justice, Equality and Law Reform Website: <http://www.irlgov.ie/justice/equality/gender>
- NDP Gender Equality Statistics Databank,
- Department of Finance
- Brady, N et al. Men's Attitudes and Values Research, Queen's University, Belfast & University of Ulster, November 2000

BILEOG EOLAIS 3


Céard is ciall leis an bpromhadh ó thaobh Inscne.

Cinntear de bharr an Promhadh ó thaobh Inscne go mbeidh an tionchar céanna nó cothrom ar fhir agus ar mhná de bharr polasaithe agus cleachtas eagraíochtaí

- Tá an Promhadh ó thaobh Inscne bunaithe ar an tuiscint go bhfuil an Inscne mar cheann de na gnéithe eagrúcháin sochaí is bunúsaí agus go dtosaíonn sé chomh luath agus a sHaolaítear duine.
- Aithnítear sa bPromhadh ó thaobh Inscne go bhfuil difríochtaí Inscne idir saol na bhfear agus saol na mban agus inár riachtanais, taithí agus ord tosaíochta dá réir - aithnítear an éagsúlacht seo sa bPromhadh ó thaobh Inscne agus cuirtear san áireamh iad nuair atáthar ag iarraidh bealaí a aimsiú leis an gcothromaíocht a bhaint amach.
- Tá sé go hiomlán ar son na cothromaíochta Inscne. D'fhéadfadh éagcothromaíocht a bheith ann a imríonn leatrom ar fhir nó ar mhná- tá sé mar aidhm aghaidh a thabhairt ar an éagcothromaíocht seo de bharr an Promhadh ó thaobh Inscne.
- Tá an-tábhacht leis na focail cothromaíocht "Inscne", a bhaineann le fir agus mná chun tuiscint a fháil ar an bpromhadh ó thaobh Inscne.
- Ní le mná amháin a bhaineann an focal cothromaíocht Inscne nuair atáthar ag iarraidh ciall a bhaint as an bpromhadh ó thaobh Inscne de. Ní tuilleadh rannpháirtíochta amháin a bheith ag fir nó ag mná sa tsochaí atá gceist leis. Caithfear aird a dhíriú ar nádúr nó cainníocht na rannpháirtíochta (agus a chinntiú go mbeidh sé in úsáid sna háiteanna is tábhachtaí a dhéantar cinnidh. Déanfar é seo le háisiú agus ní le brú.
- Tá an promhadh ó thaobh Inscne bunaithe ar anailís chruinn a dhéanfar ar an stáid ina bhfuil rudaí faoi láthair chun a chinntiú nach mbunófar na polasaithe agus an cleachtas ar bhuille faoi thuairm nó ar
- Más é an toradh atá ar pholasáí nó ar chleachtas atá ann cheana ná an éagcothromaíocht déanfar iniúchadh ar trí promhadh o thaobh Inscne a dhéanamh go naimsítear údar na héagcothromaíochta. Tríd an bpróiseas seo aimsítear údar na héagcothromaíochta agus leigheastear é.
- Ní ag iarraidh lucht a chur ar éinne de bhrí go bhfuil éagcothromaíocht ann nó go ndearnadh éagóir atáthar de bharr go bhfuil promhadh dhá dhéanamh ó thaobh Inscne ach ag iarraidh cúrsaí a leigheas.
- D'fhéadfadh go dtiocfaidh toradh cothrom as aon gníomhaíocht nó seirbhís a chur ar fáil d'fhéadfadh infheistíocht mí chothrom a bheith ag teastáil uaidh - go gcaithfí íovcht nó seirbhís - ie d'fhéadfadh sé go mbeadh cur chuige nó gníomhaíocht difriúil | gceist | gcás na bhfear seachas na mban . Ní gá gur hionann caitheamh go cothrom le rud agus toradh cothrom.
- Is ar an éagcothromaíocht indíreach a dhírítear an Promhadh ó thaobh Inscne go minic - mar shampla, cruinnithe dhá thionól ar a sé a chlog trathnóna nuair atá cúraimí obair bhaile agus bia orthu siúd a bhfuil gasúir acu (mná den chuid is mó). Ní thugtar an éagóir indíreach faoi deara chomh héasca mar go bhfuil sé bunaithe ar thuairimí, dearcaithe agus nósanna atá ansin leis na cianta mar rud nádúrtha.
- Ba chóir go spreagfadh na ceisteanna a éireoidh as an bpróiseas promhaidh ó thaobh Inscne, díospóireacht, machnamh agus gníomh a chabhródh linn mionscrúdú a dhéanamh ar na difríochtaí atá idir fir agus mná agus ina údair éagcothromais agus gníomh a dhéanamh dá réir.

Lámhleabhar promhadh ó thaobh Inscne

A Mhaighdean, a leithéid de lá,
scheeachail, fuil, caitheamh amach,
caoineachán



Riachtanais eagarúcháin

- Tá sé thar a bheith tábhachtach go nbeidh na daoine sa leibhéal is sinsearaí san eagraíocht ar chúl an rud le go ndéanfar Promhadh éifeachtach ó thaobh Inscne de
- Caithfidh an oiread daoine a bheith páirteach sa bPromhadh ó thaobh Inscne agus is féidir chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go héifeachtach é. Muna leis na daoine an polasaí Inscne ní dócha go gcuirtear i bhfeidhm é.
- Déan nós den Promhadh ó thaobh Inscne i do chuid oibre agus ná bíodh sé ina sprioc atá le baint amach. Nuair a chuirtear i bhfeidhm mar is cóir é, bíonn sé ina ghnáth-thasc laethúil agus ní bhreathnaítear air mar dhualgas nó gníomh breise
- Ní ar ghrúpa beag daoine a ba chóir cúram an Promhadh ó thaobh Inscne de a fhágáil i d'eagraíocht agus ní ar ghrúpa ban amháin ach go háirithe. Is é an dúshlán atá romhat ná go nglacfaidh chuile dhuine san eagraíocht freagracht as an bpróiseas.

Ní hionann an Promhadh ó thaobh Inscne agus:

- Mná ar bhoird éagsúla
- Ráiteas atá deascríofa, caithefear beart a dhéanamh de réir an bhriathar.
- An locht a chur ar dhaoine de bharr an éagcothromaíocht atá ann.
- Bearta a bhaineann le mná amháin a chur i gcrích
- Rud a bhaineann na mná amháin leas as
- Deireadh a chur le hobair a dhéanann na mná amháin nó polasaithe ar leith atá dírithe ar fhir nó ar mhná.

Go hathchoimreach freagraítear dhá cheist mhór ach go háirithe le linn an Promhadh ó thaobh Inscne:

- **An bhfuil éagcothromaíocht idir fhir agus mná sa réimse seo nó an bhféadfadh a leithéid d'éagcothromaíocht a bheith ann?**
- **Céard is féidir a dhéanamh faoi?**

“Ní hionann an Promhadh ó thaobh Inscne agus an locht a chur nó aird a tharraingt ar an éagcothromaíocht atá ann, is éard atá ann ná tuiscint a fháil ar an am atá caite agus freagracht a ghlacadh as múnú an todhcháil.”
Foinse anaithid ”

Chris McCrudden, *Mainstreaming Gender Equality*

BILEOG EOLAIS 4

An Comhthéacs Polasaí

Polasaithe Náisiúnta

An Reachtaíocht Comhionannais

Rinneadh leatrom fostaíochta, oiliúint gairme, fograíocht, comhaontaithe, earraí agus seirbhísí agus deiseanna eile a bhfuil teacht ag an bpobal orthu go hiondúil mídhleathach san Acht Um Chomhionannais Fostaíochta 1998 agus san Acht Um Stádas Comhionann, ar naoi gcúis ar leith. Tá cúrsaí Inscne ar cheann acu. Is ionann leatrom de réir an Achta agus caitheamh ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach le duine amháin i gcomparáid le duine eile, nó má rinneadh seo nó dá ndéanfaí seo..

An Plean Forbartha Náisiúnta

Tá polasaí eacnamaíochta agus sóisialta an Rialtais don tréimhse 2000 - 2006 luaite sa bPlean Forbartha Náisiúnta. Baineadh leas as mar cháipéis nuair a rinne an Rialtas iarratas ar Chistí Struchtúrtha an AE. Tá sé d'aidhm ag an bPlean comhionannais deise idir fir agus mná a bhaint amach. Déantar eisceachtaí i gcás seirbhísí timpeallachta, fuinneamh, cosaint chósta agus bóithre.

Ghlac an Rialtas le Treoirlínte Measúnaithe Tionchair Inscne don Phlean go léir i mí Mhárta 2000. Cuireadh na Treoirlínte seo i bhfoirm foirmeacha a bheidh le líonadh i gcás an chuid is mó de na bearta atá á maoiniú faoin bPFN.

Ní féidir le cailín a bheith ina Síriam



Tá mé do ghabháil faoin Acht

4. Gender, Marital Status, Family Status, Sexual Orientation, Religious Belief, Age, Disability, Race, Membership of the Traveller Community.

5. These Guidelines apply to all but six of the 130 measures (these are environmental services, [comprising water, waste water and waste management], energy, coastal protection and roads).

Lámhleabhar promhadh ó thaobh Inscne

I measc na modhanna eile le comhionannas a bhaint amach faoin BPFN, Tá/

- Comhionannas deise sna cleachtais cheapacháin i dtionscadail
- Tascairí difiréalach gnéis le hullmhú
- Comhionannas Inscne agus aird ar chomhionannas deiseanna ar chuile bhord.
- An gá atá le comhionannas Inscne agus go mbeadh ionadaíocht gach coiste monatóireachta ag gach dream ar spéis leo comhionannas deiseanna

Bunaíodh an tAonad Comhionannas Inscne sa Roinn Dlí, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí chun an Promhadh ó thaobh Inscne a spreagadh agus a chur chun cinn.

Ceanglais an Aontais Eorpaigh

Ghlac an tAontas Eorpach seasamh foirmeáilte faoi chúrsaí Inscne in Altanna 2 agus 3 de Chonradh Amsterdam nuair a dúirt sé go raibh sé de chúram air comhionannas a bhaint amach idir fir agus mná. Tá sé ina sprioc i ngach clár de chuid an Aontais. Caithfear aird a thabhairt ar chúrsaí Inscne i ngach beartas a bhfuil maoiniú aige óna Cistí Struchtúrtha de réir Altanna 1, 34 agus 35 an Aontais.

“There is a clear government interest in sound, credible and informed policy advice in order to ensure that policies are meeting their aims. Unless public authorities find out about the impact of policies on different groups, they cannot be sure whether their policies are having an adverse effect, even if unintentional.”

Chris McCrudden, Mainstreaming Gender Equality

Cúiseanna láidre ar son an promhadh ó thaobh Inscne

Tá trí chúis ach go háirithe le go mbeadh cur amach ag daoine ar choincheap an promhadh ó thaobh Inscne agus an chleachtas a ghabhann leis.

1. Spriocanna Cearta Sóisialta a bhaint amach (Comhionannas agus cóir)

Éilíonn an daonlathas agus cothrom na féinne go mba chóir chuile iarracht agus gníomh a dhéanamh chun comhionannas a bhaint amach idir fir agus mná

2. An Ceanglais Dlí a chomhlíonadh

Tá méid áirithe ceanglais, dlíthiúil agus eile, a chaithfear a chomhlíonadh faoi mar a léiríodh thuas.

3. Éifeacht agus Éifeachtúlacht

Beidh eagraíochtaí in ann a bheith níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla má bhíonn polasaithe agus cleachtais acu ó thaobh promhadh ó thaobh Inscne de. Bainfidh siad an leas is fearr as a gcuid acmhainní daonna agus aithneoidh siad na riachtanais áitiúla níos fearr agus tabharfar aird orthu dá bharr.


BILEOG EOLAIS 5

Tabhair faoi deara

Cé gur próiseas atá sa bPromhadh ó thaobh Inscne ní féidir a rá ag aon am go bhfuil sé críochnaithe ar fad trí bhosca a thiocáil. Ach is féidir leas a bhaint as seicliostaí atá próiseas lárnaithe. Is bealach iad le meabhrú dúinn go bhfuil bearta le déanamh agus nósmaireachtaí le cleachtadh agus ár n-obair laethúil á dhéanamh againn mar bhealach le promhadh a dhéanamh orthu ó thaobh Inscne.

Cruinnithe


- An bhfuil naíolann nó seirbhís chúraim ar fáil do leanaí le linn cruinnithe?
- An bhfuil cúram ar fáil do sheandaoine?
- An bhfeileann amanna na gcruinnithe fir agus mná sa spriocghrúpa?
- An féidir taisteal go dtí láthair an chruinnithe ar chóras iompar poiblí?
- Cén próiseas nó cén leagan amach a úsáidfear ag an gcruinniú? An mbeidh fonn ar dhaoine atá cúthail a bheith páirteach?



Tá ionadaíocht eárnála ar a lán boird mar áisinteachtaí stáit, ionadaithe pobail agus deonacha tofa, eagraíochtaí spóirt, an eárnáil ghnó agus na ceardchumainn 'srí. Ba chóir do gach eárnáil an promhadh seo a dhéanamh ó thaobh Inscne.

Ballraíocht ar Bhoird agus ar Choistí

- An bhfuil mná agus fir ar chuile choiste? An bhfuil chuile ról acu agus an bhfuil siad ag chuile leibhéal?
- An bhfuil polasaí an Rialtais le Comhionannais Inscne á bhaint amach (60:40)?
- An ndearna chuile ball eagraíocht/earnáil Promhadh ó thaobh Inscne ar a nionadaíocht féin?
- Cá mbíonn na cruinnithe agus cén t-am a bhíonn siad ar siúl?



Má chuireann eagraíocht tábhacht ar an gcothromas, ba chóir go mbeadh foireann nua ar an eolas faoi na ceistanna agus na cleachtais a ghabhann leis chun gur féidir leo a bheith níos gníomhaí i gcur i bhfeidhm clár an chomhionannais. Ina theannta sin, má chuirtear an cheist san áireamh sa gcur síos a dhéantar ar phostanna agus sna cáilíochtaí a ghabhann leo beidh an eagraíocht ag déanamh ráiteas láidir faoi sheasamh na heagraíochta maidir leis an gcothromas Inscne.


Lámhleabhar promhadh ó thaobh Inscne

“ Gender analysis ...enables more effective targeting of products and services. For example a Western Australia water authority found that it increased its rate of bill payment once it identified that women paid most household bills and changed its opening hours to suit women in paid work. ”

NZ Ministry for Women's Affairs

Earcaíocht agus Oiliúint Foirne

- An dtugtar roghanna fostaíochta solúbtha ar nós roinnt poist don fhoireann?
- An mbíonn comhionannas Inscne ar bhoird agallaimh?
- An dtairiscíonn muid saoire aithreachais?
- An gcuireann muid oiliúint Inscne ar fáil don fhoireann?
- An léiríonn muid tuiscint ar chúrsaí cothromais sa gcur síos a dhéanann muid ar phoist nó daoine?
- An mbíonn “eolas faoi anailís Inscne” mar chuid d'induchtú na foirne?
- An bhfuil spriocanna maidir le Promhadh ó thaobh Inscne sna comhaontaithe dul chun cinn do bhainisteoirí agus lucht déanta cinnidh?



D'fhéadfaí eolas a bhailiú faoi beagnach chuile rud ó thaighde mion go foirmeacha measúnaithe aon-uaire a líontar nuair a chríochnaítear lá oilúna nó cruinniú poiblí

Taighde

- An mbíonn próifíl d'fhir agus de mhná sna próifíleanna socheacnamaíochta agus daonra a dhéanann muid a choimisiniú?
- An mbailíonn muid eolas de réir insceann agus an ndéantar anailís air ar an mbonn céanna?

BILEOG EOLAIS 6

Clár Oiliúna Promhadh Inscne dhá Phleanáil - Ceisteanna Coiteann

Cuireadh na ceisteanna seo i dtoll a chéile chun cabhrú leat clár oiliúna a phleanáil trí freagraí a chur ar fáil duit ar chuid de na ceisteanna is coitianta a d'fhéadfadh baill a mheas sula nglacfaidh siad leis a bheith páirteach i gclár oiliúna

Céard atá i bpromhadh ó thaobh Inscne?

Is uirlis é a chinnteoidh go mbeidh an tionchar céanna nó cothrom ag chuile pholasaí agus nós oibre atá in eagraíocht ar fhir agus ar mhná.

Cén bhaint atá aige le príomhshruthú ó thaobh Inscne?

Is príomhshruthú ó thaobh Inscne an toradh a bheidh ann de bharr an promhadh ó thaobh Inscne. Sé'n chiall atá leis seo ná nár chóir go ndéanadh sé aon difríocht an fear nó bean tú nuair atá seirbhísí uait nó leas uait as na seirbhísí.

Cén bhaint atá aige seo linne?

Tá comhionannas deiseanna d'fhir agus do mhná mar aidhm de chuid an Phlean Forbartha Náisiúnta - plean an Rialtais don tréimhse deich mbliana atá romhainn agus an plean a mbunófar chuile pholasaí air.

Cén fáth a bhfuil an oiliúint seo ag teastáil?

Is smaoinemh measartha nua atá sa bpromhadh ó thaobh Inscne agus níl mórán eolais againn faoin bpróiseas a ghabhann leis. Caithear scileanna praiticiúla agus smaointe a fhorbairt chun gur féidir linn ár ndualgaisí maidir leis a chomhlíonadh.

Cén fáth a mba chóir dom dul ann?

Má chaitear am ar an bpromhadh ó thaobh Inscne anois beifear in ann na seirbhísí a dhíriú ar an bpobal ar bhealach níos éifeachtaí. Beidh sé níos éasca ag d'eagraíocht a straitéis a chur i bhfeidhm agus sábháilfear airgead agus am dá bharr sa bhfadtréimhse.

Céard go díreach atá i gceist leis an oiliúint?

Is deis iontach a bheidh sa chúrsa oiliúna ag an bhfoireann agus do na baill oibriú as lámh a chéile chun teacht ar smaointe le beart a dhéanamh de réir bhriathar an cheanglais reachtaíochta.

An d'fhir agus do mhná araon atá an oiliúint seo?

Sea ! cuireann éagcothromaíocht Inscne sa tsochaí as d'fhir agus do mhná araon agus dá bhrí sin caithefidh muid uilig aghaidh a thabhairt ar an gceist. Tá orainn ar aon chuma a chinntiú mar bhaill d'eagraíochtaí atá ag cur an Phlean Forbartha Náisiúnta i bhfeidhm go rachfaidh ár straitéis chun sochar d'fhir agus do mhná ar bhealach chothrom.

An ndéanfaidh sé difríocht ?

Beidh ar do chumas do chuid spriocanna a bhaint amach de bharr go ndíreofar na seirbhísí agus na hacmhainní ar bhealach níos éifeachtaí. Mar shampla dá ndéanfaí promhadh ó thaobh Inscne ar do spriocanna polasaí ó thaobh oiliúint do dhaoine fásta ba mhó an seans a bheadh agat na háiteanna a líonadh agus cur leis an líon daoine leis na scileanna riachtanacha sa bhfórsa saothair go háitiúil dá bharr.